2026/1960

21.8.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1960 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Lúnasa 2026

lena leasaítear den 359ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1), pointe (a) agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 13 agus an 14 Lúnasa 2026, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) iontrálacha áirithe i liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha maidir leo a leasú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Lúnasa 2026

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin
Ard-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,
Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/881/oj.

IARSCRÍBHINN

(a) Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh na n-iontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal ‘Daoine nádúrtha’ in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú mar a leanas:

(1) In áit ‘Mohammed Salahaldin Abd El Halim Zidane (ainm bréige (a) Sayf-Al Adl. Dáta breithe: 11.4.1963. Áit bhreithe: Gobharnóireacht Monufia, an Éigipt. Náisiúntacht: Éigipteach; (b) Muhamad Ibrahim Makkawi. Dáta breithe: (i) 11.4.1960, (ii) 11.4.1963. Áit bhreithe: an Éigipt. Náisiúntacht: Éigipteach; (c) Ibrahim al-Madani; (d) Saif Al-’Adil; (e) Seif al Adel). Dáta breithe: (i) 11.4.1963, (ii) 11.4.1960. Áit bhreithe: Gobharnóireacht Monufia, an Éigipt. Náisiúntacht: Éigipteach. Faisnéis eile: Freagrach as slándáil Usama bin Laden (éagtha). Gruaig: Dorcha. Súile: Dorcha. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 25.1.2001.’

cuirtear an méid seo a leanas:

‘Mohammed Salahaldin Abd El Halim Zidane (an bunchló: محمد صلاح الدين عبدالحليم زيدان) (ainm bréige láidir: (a) Sayf-Al Adl. Dáta breithe: 11.4.1963. Áit bhreithe: Gobharnóireacht Monufia, an Éigipt. Náisiúntacht: Éigipteach. As Araibis: سيف العدل; (b) Muhamad Ibrahim Makkawi. Dáta breithe: (i) 11.4.1960, (ii) 11.4.1963. Áit bhreithe: an Éigipt. Náisiúntacht: Éigipteach; ainm bréige lag: (a) Ibrahim al-Madani; (b) Saif Al-’Adil; (c) Seif al Adel; (d) Salem al-Sharif (سالم الشريف); (e) Hazem al-Madani; (f) Aber Sabil; (g) Muhannad Salem; (h) Abu Khaled al-San’ani). Dáta breithe: (a) 11.4.1963; (b) 11.4.1960. Áit bhreithe: Gobharnóireacht Monufia, an Éigipt. Náisiúntacht: Éigipteach. Faisnéis eile: Freagrach as slándáil Usama bin Laden (éagtha). Gruaig: Dorcha. Súile: Dorcha. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 25.1.2001.’

(2) In áit ‘Adem Yilmaz (ainm bréige lag: Talha). Dáta breithe: 4.11.1978. Áit bhreithe: Bayburt, an Tuirc. Náisiúntacht: Turcach. Pasuimhir: TR-P 614166 (Pas Turcach arna eisiúint ag Ard-Chonsalacht na Tuirce in Frankfurt/Main an 22.3.2006, a chuaigh in éag an 15.9.2009). Seoladh: (a) Südliche Ringstrasse 133, 63225 Langen, an Ghearmáin (seoladh roimhe seo), b) an Tuirc. Faisnéis eile: (a) Bainteach leis an Aontas Jiohád Ioslamaigh (IJU), (b) Díbeartha ón nGearmáin go dtí an Tuirc i mí Feabhra 2019, (c) Tá próiseas breithiúnach leanúnach ar siúl ó bhí mí na Samhna 2023 ann. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 27.10.2008.’

cuirtear an méid seo a leanas:

‘Adem Yilmaz (ainm bréige lag: Talha). Dáta breithe: 4.11.1978. Áit bhreithe: Bayburt, an Tuirc. Náisiúntacht: Turcach. Pasuimhir: TR-P 614166 (Pas Turcach arna eisiúint ag Ard-Chonsalacht na Tuirce in Frankfurt/Main an 22.3.2006, a chuaigh in éag an 15.9.2009). Seoladh: (a) Südliche Ringstrasse 133, 63225 Langen, an Ghearmáin (seoladh roimhe seo); b) Ceantar Atalar, Sráid Aslı 24/5, 34860 Kartal, Iostanbúl, an Tuirc; (c) Atalar Mahallesi, Atalar mahallesi aslı sokak Uimh. 24/5, 34862 Kartal, Iostanbúl, an Tuirc. Faisnéis eile: (a) Bainteach leis an Aontas Jiohád Ioslamaigh (IJU); (b) Díbeartha ón nGearmáin go dtí an Tuirc i mí Feabhra 2019; (c) Tá próiseas breithiúnach leanúnach ar siúl ó bhí mí na Samhna 2023 ann. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 27.10.2008.’

(3) In áit ‘Shafi Sultan Mohammed Al-Ajmi (ainm bréige láidir: (a) Shafi al-Ajmi, (b) Sheikh Shafi al-Ajmi, (c) Shaykh Abu-Sultan). Teideal: Dochtúir. Dáta breithe: 1.1.1973. Áit bhreithe: Warah, Cuáit. Náisiúntacht: Cuátach. Pasuimhir: 0216155930. Seoladh: Limistéar 3, Sráid 327, Foirgneamh 41, Al-Uqaylah, Cuáit. Faisnéis eile: (a) Tiomsaitheoir airgid le haghaidh Jabhat Fatah al-Sham ar son Phobal na Leiveainte, (b) Scaoileadh saor é ón bpríosún i gCuáit i mí na Samhna 2023 mar chuid d’Fhoraithne Speisialta Amiri, Pardún Uimh. 225/2023. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 23.9.2014.’

cuirtear an méid seo a leanas:

‘Shafi Sultan Mohammed Sultan Al-Ajmi (an bunchló: شافي سلطان محمد سلطان العجمي) (ainm bréige láidir: (a) Shafi al-Ajmi, (b) Sheikh Shafi al-Ajmi, (c) Shafi S. M. S. Alajmi; ainm bréige lag: Shaykh Abu-Sultan). Teideal: Dochtúir. Dáta breithe: 1.1.1973. Áit bhreithe: Warah, Cuáit. Náisiúntacht: Cuátach. Pasuimhir: (a) 03111298 (Cuátach); (b) 003111298 (pas Cuátach, arna eisiúint sa Chuáit an 16.9.2010, a chuaigh in éag an 15.9.2020 faoi ainm Shafi S M S Alajmi, an scríbhinn Araibise شافي سلطان محمد سلطان العجمي); (c) 0216155930. Uimhir aitheantais náisiúnta: 273010101204 (Cuátach). Seoladh: Limistéar 3, Sráid 327, Foirgneamh 41, Al-Uqaylah, Cuáit. Faisnéis eile: (a) Tiomsaitheoir airgid le haghaidh Jabhat Fatah al-Sham ar son Phobal na Leiveainte, (b) Scaoileadh saor é ón bpríosún i gCuáit i mí na Samhna 2023 mar chuid d’Fhoraithne Speisialta Amiri, Pardún Uimh. 225/2023. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 23.9.2014.’

(4) In áit ‘Amin Muhammad Ul Haq Saam Khan (ainm bréige láidir: (a) Al-Haq, Amin, (b) Amin, Muhammad; ainm bréige lag: (a) an Dr Amin, (b) Ul-Haq, an Dr Amin). Dáta breithe: 1960. Áit bhreithe: Cúige Nangarhar, an Afganastáin. Náisiúntacht: Afganastánach. Faisnéis eile: (a) Comhordaitheoir slándála le haghaidh Usama bin Laden (éagtha), (b) Arna aisdúichiú chuig an Afganastáin i mí Feabhra 2006. Deimhníodh go raibh sé san Afganastáin i mí Lúnasa 2021. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 25.1.2001’

cuirtear an méid seo a leanas:

‘Amin Muhammad Ul Haq Saam Khan (ainm bréige láidir: (a) Al-Haq, Amin, (b) Amin, Muhammad; ainm bréige lag: (a) an Dr Amin, (b) Ul-Haq, an Dr Amin). Dáta breithe: (a) 30.4.1963; (b) 1960. Áit bhreithe: Sráidbhaile Qilagho, Dúiche Khogyani, Cúige Nangarhar, an Afganastáin. Náisiúntacht: Afganastánach. Seoladh: Cabúl, an Afganastáin (ó bhí mí an Mheithimh 2026 ann). Faisnéis eile: (a) Comhordaitheoir slándála le haghaidh Usama bin Laden (éagtha), (b) Arna aisdúichiú chuig an Afganastáin i mí Feabhra 2006. Deimhníodh go raibh sé san Afganastáin i mí Lúnasa 2021, (c) Gabhadh é sa Phacastáin in 2024 agus díbríodh go dtí an Afganastáin é in 2025, (d) Ainm a athar: Abdul Rahman. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 25.1.2001’

(5) In áit ‘Abubakar Swalleh (ainm bréige láidir: (a) Abubaker Swaleh; (b) Tom Kiyurige). Inscne: fireannach. Dáta breithe: 13.1.1992. Áit bhreithe: Mengo, Uganda. Náisiúntacht: Ugandach. Pasuimhir: A00195974 (pas Ugandach). Uimhir aitheantais náisiúnta: CM920231090NZA (Uganda). Seoladh: Príosún Luzira, Luzira, Kampala, Uganda. Faisnéis eile: (a) soláthraíonn sé tacaíocht airgeadais, ábhartha nó theicneolaíoch do SIIL (atá liostaithe mar Al-Qaida san Iaráic), nó soláthraíonn sé seirbhísí airgeadais nó seirbhísí eile do SIIL nó chun tacú le SIIL; (b) ghníomhaigh sé, ó bhí 2018 ann, mar éascaitheoir SIIL a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais agus lóistíochta, lena n-áirítear earcaíocht le haghaidh SIIL in Oirthear agus i nDeisceart na hAfraice. Uimhir theileafóin: +963936016952. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 16.6.2025.’

cuirtear an méid seo a leanas:

‘Abubakar Swalleh (ainm bréige láidir: (a) Abubaker Swaleh; (b) Tom Kiyurige; ainm bréige lag: Isaac Mupeta). Inscne: fireannach. Dáta breithe: (a) 13.1.1992; (b) 16.3.1993. Áit bhreithe: Mengo, Uganda. Náisiúntacht: Ugandach. Pasuimhir: A00195974 (Pas Ugandach, a rachaidh in éag an 16.12.2029). Uimhir aitheantais náisiúnta: CM920231090NZA (Uganda). Seoladh: Príosún Luzira, Luzira, Kampala, Uganda. Faisnéis eile: (a) soláthraíonn sé tacaíocht airgeadais, ábhartha nó theicneolaíoch do SIIL (atá liostaithe mar Al-Qaida san Iaráic), nó soláthraíonn sé seirbhísí airgeadais nó seirbhísí eile do SIIL nó chun tacú le SIIL; (b) ghníomhaigh sé, ó bhí 2018 ann, mar éascaitheoir SIIL a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais agus lóistíochta, lena n-áirítear earcaíocht le haghaidh SIIL in Oirthear agus i nDeisceart na hAfraice. Uimhir theileafóin: +963936016952. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 16.6.2025.’

(b) Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh na n-iontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal ‘Daoine dlítheanacha, grúpaí agus eintitis’ in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú mar a leanas:

(1) In áit ‘Ummah Tameer E-Nau (UTN) (ainm bréige UTN). Seoladh: Sráid 13, Wazir Akbar Khan, Cabúl, an Afganastáin, an Phacastáin. Faisnéis eile: (a) Bhí Mahmood Sultan Bashir-Ud-Din, Majeed Abdul Chaudhry agus Mohammed Tufail i measc a stiúrthóirí; (b) Faoi thoirmeasc sa Phacastáin. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a (4) (b): 24.12. 2001.’

cuirtear an méid seo a leanas:

‘Ummah Tameer E-Nau (UTN) (ainm bréige UTN). Seoladh: (a) Sráid 13, Wazir Akbar Khan, Cabúl, an Afganastáin; (b) an Phacastáin. Faisnéis eile: (a) Bhí Mahmood Sultan Bashir-Ud-Din i measc a stiúrthóirí; (b) Faoi thoirmeasc sa Phacastáin. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7e(e): 24.12.2001.’

(2) In áit ‘An Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint - Khorasan (Stát Ioslamach-Cúige Khorasan) (ainm bréige: (a) SIIL Khorasan, (b) Cúige Khorasan an Stáit Ioslamaigh, (c) SIIS Wilayat Khorasan, (d) Brainse na hÁise Theas de chuid SIIL, (e) Caibidil na hÁise Theas de chuid SIIL, (f) Stát Ioslamach na hIaráice agus al-Sham – Cúige Khorasan, (g) Stát Ioslamach na hIaráice agus na Siria – Khorasan, (h) An Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint i gCúige Khorasan, (i) Stát Ioslamach Khurasan, (j) SIIS-K, (k) SIISK, (l) SI-Khorasan). Faisnéis eile: Chuir iarcheannasaí Tehrik-e Taliban Pakistan (TTP) an Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint - Khorasan (Stát Ioslamach-Cúige Khorasan) ar bun an 10 Eanáir 2015 agus bhunaigh iarcheannasaithe d’fhaicsean den Talaban é a thug mionn dílseachta don Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint (a liostaítear mar Al-Qaida san Iaráic). Ghlac Stát Ioslamach-Cúige Khorasan freagracht as go leor ionsaithe san Afganastáin agus sa Phacastáin. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7e(e): 14.5.2019.’

cuirtear an méid seo a leanas:

‘An Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint - Khorasan (Stát Ioslamach-Cúige Khorasan) (ainm bréige: (a) SIIL Khorasan, (b) Cúige Khorasan an Stáit Ioslamaigh, (c) SIIS Wilayat Khorasan, (d) Brainse na hÁise Theas de chuid SIIL, (e) Caibidil na hÁise Theas de chuid SIIL, (f) Stát Ioslamach na hIaráice agus al-Sham – Cúige Khorasan, (g) Stát Ioslamach na hIaráice agus na Siria – Khorasan, (h) An Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint i gCúige Khorasan, (i) Stát Ioslamach Khurasan, (j) SIIS-K, (k) SIISK, (l) SI-Khorasan, (m) Stáit Ioslamaigh i gCúige Khorasan)). Faisnéis eile: Chuir iarcheannasaí Tehrik-e Taliban Pakistan (TTP) an Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint - Khorasan (Stát Ioslamach-Cúige Khorasan) ar bun an 10.1.2015 agus bhunaigh iarcheannasaithe d’fhaicsean den Talaban é a thug mionn dílseachta don Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint (a liostaítear mar Al-Qaida san Iaráic). Ghlac Stát Ioslamach-Cúige Khorasan freagracht as go leor ionsaithe san Afganastáin agus sa Phacastáin. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7e(e): 14.5.2019.’